

**Nuair a bhí Joe dána  
Ceacht a Trí**

Naise leis an gCuraclam:		
<b>OSPS</b>	<b>Snáith:</b> Mise agus Daoine Eile	<b>Snáithaonaid:</b> Caidreamh le daoine eile, Mise agus mo chairde
<b>Béarla</b>	<b>Snáith:</b> Éisteacht	<b>Snáithaonad:</b> Ag tuiscint agus ag úsáid teanga
<b>Gaeilge</b>	<b>Snáitheanna:</b> Éisteacht, Labhairt	<b>Snáithaonaid:</b> Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga

**Gníomhaíocht a hAon – Ag féachaint siar ar Mheas  
Gníomhaíocht a Dó – 'Chrysanthemum' agus an Croí  
Gníomhaíocht a Trí – Amhrán measa**

**Cuspóirí:**

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí féachaint siar ar bhí an fhocail 'meas' agus samplaí a thabhairt de.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí éisteacht le scéal 'Chrysanthemum' agus meas, nó easpa measa, a aimsiú sa scéal.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí cur síos a dhéanamh ar an tionchar atá ag gníomhaíochtaí áirithe ar conas a mhothaíonn muid.*

**Gníomhaíocht a hAon - Ag féachaint siar ar Mheas**

- Mar ghrúpa ranga, iarr ar na páistí smaoiniamh siar ar an obair atá déanta agaibh ar cad is brí le 'meas'.
- Iarr ar na páistí samplaí a thabhairt conas gur féidir linn meas a léiriú.
- Tabhair cuireadh do na páistí cur síos a dhéanamh ar conas gur féidir linn meas a léiriú i gcomhthéacs áirithe: sa bhaile, sa scoil, sa chlós.
- Ansin tabhair cuireadh do na páistí cur síos a dhéanamh ar eachtra nuair nach léirítear meas.

**Gníomhaíocht a Dó - 'Chrysanthemum' agus an Croí**

- Taispeáin an físeán den scéal 'Chrysanthemum' ar an gClár Bán Idirghníomhach ar <http://www.schooltube.com/video/5b45b6b4437e5550caa2/> nó <http://youtube.com/watch?v=kxMlxbgYvLI>
- Cuir stop leis an bhfíseán ó am go chéile, agus tabhair cuireadh do na páistí buile faoi thuairim a thabhairt ar cad a tharlóidh anois.
- Ag deireadh an scéil iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar na bealaí a léirigh na carachtair meas nó easpa measa sa scéal.
- Déan liosta de na samplaí seo ar an gClár Bán.

**An Croí:** (*beidh cruth croí gearrtha amach as píosa páipéir, ag teastáil anseo*)

- Roinn na páistí i mbeirteanna.
- Taispeáin dóibh an croí déanta as páipéar.
- Iarr ar na páistí plé a dhéanamh ar chroíanna i mbeirteanna. Cothaigh plé ar

ghrá/cúram/meas.

- Tabhair samplaí: “Nuair a deir duine éigean gur amhránaí maith mé, mothaím go bhfuil mo chroí lán, mar mothaím go maith fúm fein.”
- “Nuair a dúirt tuismitheoirí Chrysanthemum léi go raibh a hainm go hálainn, conas ar mhothaigh sí ina croí, dar leat?”
- “Nuair a bhí na páistí eile ar scoil ag magadh faoina hainm, conas ar mhothaigh sí ina croí?”
- (Déan an croí a chrapadh nó a stróiceadh beagán)
- “Smaoinigh ar eachtra nuair nach raibh duine éigean ag léiriú measa leat – b'fhéidir sa chlós nó ar scoil. Conas a mhothaigh tú? Ar mhothaigh do chroí mór agus láidir nó beag?”
- Iarr ar na páistí plé a dhéanamh ina mbeirteanna agus ansin leis an ngrúpa.

### **Gníomhaíocht a Trí - Amhrán measa**

- Más maith leat is féidir The Respect Song (as Béarla) a chur ar an gClár Bán Idirghníomhach. <http://www.schooltube.com/video/ac4c08ec736067762d2b/> nó <http://www.youtube.com/watch?v=ZgidfFs-j4M>
- Cothaigh plé ar an amhrán.